

BAINISTEOIR COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ

GRÁD AN ARD-OIFIGIGH FHEIDHMIÚCHÁIN

Cuspóir an Phoist

Is príomhról bainistíochta é seo chun cabhrú leis an Stiúrtóir Comhpháirtíochtaí agus Rialachais maidir le rannpháirtíocht spóirt agus gníomhaíocht fhisiceach in Éirinn a threorú, a fhorbairt agus a chur chun cinn tríd an líonra Comhpháirtíochta Spóirt Áitiúil (LSP). Príomh-aschur don iarrthóir rathúil a bheidh ann cabhrú le Plean Rannpháirtíochta Spóirt de chuid Spóirt Éireann a sheachadadh i gcomhar leis na hAonaid ábhartha Spóirt Éireann. Ról lárnach a bheidh ann freisin maidir le forbairt agus monatóireacht leanúnach an tionscnaimh LSP a sheachadadh agus gníomhaíochtaí na LSPanna a chomhordú de réir na Straitéise agus an Phlean Rannpháirtíochta Spóirt Éireann.

Ag Tuairisciú do: Stiúrtóir Comhpháirtíochtaí agus Rialachais

Príomhdhualgais agus príomhfhreagrachtaí

- Cuidiú leis an Stiúrtóir maidir le maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt straitéiseach an líonra LSP, ar aon dul le tosaíochtaí Straitéiseacha Spóirt Éireann, lena n-áirítear Pleananna Spóirt Áitiúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, ar aon dul leis an nGníomh Náisiúnta um Beartas Spóirt Náisiúnta 8;
- Bainistiú a dhéanamh ar riarachán maoinithe deontais agus íocaíochtaí le cláir shonracha. A áirithiú go gcloítear le nósanna imeachta airgeadais seanbhunaithe agus le téarmaí agus coinníollacha na gclár um Maoiniú Spóirt Éireann, Maoiniú Cuntas Díomhaoin agus aon fhoinsí eile atá daingnithe;
- Tacú leis an bpróiseas chun LSPanna a athstruchtúrú nuair is cuí;
- Monatóireacht agus meastóireacht ar líonra LSP agus ar chlár rannpháirtíochta náisiúnta a bhainistiú, le fócas bainistíochta bunaithe ar thorthaí. Áirítear leis seo an Meastóireacht Feidhmíochta ar líonra an LSP a sheachadadh, tuarascálacha léargas a sholáthar;
- Tionscnaimh phíolótacha nua a shainaitheint agus a chur i bhfeidhm lena seachadadh trí líonra an LSP, etc;
- Cuidiú leis an Stiúrtóir caidrimh dhearfacha a fhorbairt agus a choinneáil le páirtithe leasmhara éagsúla rialtais agus neamhrialtasacha ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil;
- Tacú le dea-chaighdeán rialachais a chur i bhfeidhm laistigh de LSPanna. Oibriú go dlúth le gach aonad Spóirt Éireann, lena n-áirítear an tAonad Eagrúcháin, Forbartha agus Athraithe chun forbairt na LSPanna a fheabhsú;
- Cuidiú leis an Stiúrtóir buiséid bhliantúla agus pleananna corparáideacha a fhorbairt i gcomhréir le cuspóirí Spóirt Éireann i gcomhar leis an bhfoireann bainistíochta sinsearaí;
- Comhoibriú leis an Stiúrtóir Comhpháirtíochtaí agus Rialachais sa ghnáth-tharmligean pleanáilte d'fhreagrachtaí agus de thascanna ar leith;
- Freagrachtaí eile a ghlacadh de réir mar a chomhaontaítear ó am go ham leis na Stiúrtóirí Comhpháirtíochtaí agus Rialachais agus Rannpháirtíochta agus Eitice;

- Foireann dea-spreagtha agus dírithe a bhainistiú chun freastal ar thosaíochtaí Spórt Éireann.

Ní liosta uileghabhálach é seo agus áireofar sa ról aon dualgais a theastaíonn ó Spórt Éireann ó am go ham, atá oiriúnach don phost agus do riachtanais na heagraíochta.

Sonraíocht an Duine:

Riachtanach: Cáilíochtaí, Taithí, Eolas, Scileanna agus Inniúlachtaí

- Ní mór taithí ghairmiúil 3 bliana a bheith aige/aici roimhe seo i ról gaolmhar ábhartha.
- Ní mór cáilíocht tríú leibhéal a bheith aige/aici sa spórt nó i ndisciplín atá ábhartha don phost seo.
- Ní mór taithí dhíreach oibre a bheith aige/aici ar bhainistiú tionscadal.
- Ní mór taithí bhuiséadaithe agus rianaithe airgeadais a bheith aige/aici.
- Ní mór taithí a bheith aige/aici ar rialachas.
- Ní mór tuiscint mhaith a bheith aige/aici ar phróisis mheasúnaithe agus mhonatóireachta clár.
- Ní mór scileanna cruthaithe ceannaireachta a bheith aige/aici.
- Ní mór cumas éifeachtach a bheith aige/aici chun daoine agus caidrimh a bhainistiú.
- Ní mór scileanna idirphearsanta den scoth a bheith aige/aici i scríbhinn agus ó bhéal.
- Ní mór scileanna láidre ríomhaire agus eolas ar MS Office a bheith aige/aici.
- Ní mór taithí a bheith aige/aici ar thascanna iolracha a dhéanamh agus tascanna a chur in ord tosaíochta go héifeachtach agus spriocdhátaí dochta a chomhlíonadh.
- Ní mór an cumas a bheith aige/aici oibriú corruair as a stuaim féin.

Inmhianaithe: Cáilíochtaí, Taithí, Eolas, Scileanna agus Inniúlachtaí

- A bheith díograiseach agus an-spreagtha.
- An-eolas agus an-taithí a bheith aige/aici ar réimse na forbartha spóirt.
- A bheith in ann nuálaíocht agus taithí/saineolas ó thionscadail roimhe seo a thabhairt i bhfeidhm ar shaincheistanna reatha, moltaí a dhéanamh maidir le feabhsúcháin agus éifeachtúlachtaí, nuair is cuí.

Faisnéis Bhreise:

Conradh: Lánaimseartha, buan

Scála Tuarastail: Scála Caighdeánach AOF (lena n-áirítear dhá incrimint fhadseirbhíse). Déanfar an ceapachán ar an scála seo ag pointe atá ag teacht le Beartas Pá reatha an Rialtais. Tosaíonn iontrálaithe nua san earnáil phoiblí ar an gcéad phointe scála.



Suíomh: Spóirt Éireann, Campas Náisiúnta Spóirt, Bóthar Snugborough, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15

Is fostóir comhdheiseanna é Spóirt Éireann.